




**An bealach is fearr
a aimsiú**



**A Bheith
Cruthaitheach**

1. Smaoinigh ar cad é ba mhaith leat a bhaint amach.
2. Cad é mar a bhainfidh tú seo amach? Scríobh síos do chuid smaointe.
3. Roghnaigh ceann acu agus bain triail as.
4. An dtig leat léaráid nó meabhairmhapa a tharraingt le cuidiú leat?
5. Cuimhnigh, mura n-éiríonn leis an chéad smaoineamh, ní hé sin an bealach is fearr. Bain triail as arís!





**An bhfuil
smaoineamh agat?
Cé a chuideodh leat
é a fheabhsú?**



**A Bheith
Cruthaitheach**

1. An bhfuil smaoinemh maith agat don tasc seo?
2. Cuimhnigh go dtig leat labhairt le duine eile le do smaoinemh a shoiléiriú.
3. Cé a bheadh ábalta cur le do smaoinemh?
4. An dtig leat an smaoinemh a mhíniú dó/di ar bhealach soiléir?
5. Cad é mar a thiocfadh leat seo a dhéanamh?





Do phlean a athrú



**A Bheith
Cruthaitheach**

1. Cad é an fhadhb atá ann?
2. Cad é a thig leat a dhéanamh faoi seo? Bí stuama agus smaoinigh go cúramach.
3. An mbeadh sé ina chuidiú agat an tasc a bhriseadh anuas agus é a dhéanamh píosa ar phíosa?
4. An dtig leat cuid den phlean a athrú nó an mbeidh ort tosú arís?
5. Thiocfadh leat rud éigin nua a fhoghlaim trí chur chuige eile a úsáid!





Ag foghlaim ó mheancóg



**A Bheith
Cruthaitheach**

1. Smaoinigh ar mheancóg nó ar rud a theip ort a dhéanamh.
2. Scríobh síos é i lár leathanaigh.
3. Scríobh na fáthanna uilig ar tharla sé thart air.
4. Smaoinigh ar an chéad fháth. Cad é a d'fhoghlaim tú uaidh seo? Scríobh síos é.
5. Smaoinigh ar an dara fáth. Cad é a dhéanfaidh tú an chéad uair eile sa dóigh is nach dtarlóidh sé seo arís?
6. An bhfeiceann tú an méid a d'fhoghlaim tú mar gheall ar aon mheancóg amháin?
7. Thig linn foghlaim ó mheancóga!





**É a dhéanamh ar
bhealach eile**



**A Bheith
Cruthaitheach**

1. Smaoinigh ar cad mar a dhéanann tú tascanna den chineál seo de ghnáth.
2. Déan plean gasta.
3. Cuimhnigh nach gá duit é a dhéanamh ar an dóigh a ndéanann na daoine eile é.
4. Cad é a thig leat a athrú i do phlean lena dhéanamh níos suimiúla?
5. An dtig leat triail a bhaint as na dóigheanna éagsúla lena dhéanamh?
6. Bain triail as go bhfeicfidh tú cad é a tharlóidh!






**Ar chóir duit do
chuid smaointe a
roinnt?**



**A Bheith
Cruthaitheach**

1. Cad é a tharlaíonn nuair a dhéanann tú smaoineamh maith a roinnt?
2. An mbeadh eagla ort go ngoidfeadh duine eile é?
3. Abair go bhfuil smaoineamh maith agat. An bhfuil na scileanna ag daoine eile le cuidiú leat cuid den smaoineamh a oibriú amach?
4. Cad a tharlaíonn nuair a chuireann daoine a gcuid smaointe le chéile? An rud maith é seo?
5. Bain triail as seo an chéad uair eile a bheidh tú ag iarraidh smaoineamh a oibriú amach






Leas a bhaint as do shamhlaíocht



**A Bheith
Cruthaitheach**

1. Druid do shúile ar feadh bomaite nó dhó agus smaoinigh ar cad é a thiocfadh leat a dhéanamh don tasc seo.
2. Cén sprioc a bheidh le do smaoineamh, cén chuma a bheidh air nó cén tionchar a bheidh aige?
3. Déan iarracht do chuid smaointe a scríobh síos.
4. Smaoinigh ar na céimeanna uilig a bheidh i gceist le do smaoineamh a chur i ngníomh.
5. Bain triail as má thig leat.





**An é seo an
smaoineamh is
fearr don tasc?**



**A Bheith
Cruthaitheach**

1. Cén smaoineamh atá agat don tasc seo?
2. Má tá freagra nó píosa oibre de dhíth ort don tasc, an mbeidh an smaoineamh seo ina chuidiú agat sin a fháil?
3. An é seo an smaoineamh is fóirsteanáí don tasc SEO?
4. An dtig leat é a scríobh síos agus a úsáid am éigin eile?
5. Anois dírigh d'aird ar an tasc SEO.
6. Cad é mar a thig leat an toradh atá de dhíth ort a fháil?






**An mbeadh
ceisteanna
neamhchoitianta
ina gcuidiú agat?**



**A Bheith
Cruthaitheach**

1. An dtig leat smaoinreamh ar cheist neamhchoitianta faoin tasc seo?
2. An dtig leat iarracht a dhéanamh an freagra a fháil?
3. An mbeidh ort rudaí éagsúla a thriail leis an fhreagra a fháil?
4. Cé acu ceann de na céadfaí ba chóir a úsáid?
5. Cá háit a dtiocfadh leat eolas nó smaointe a fháil le cuidiú leat?





**An mbaineann tú
leas maith as do
shamhlaíocht?**



**A Bheith
Cruthaitheach**

1. An baineann tú leas as do shamhlaíocht le cuidiú leat do chuid oibre a dhéanamh?
2. An bhfuil sin furasta nó doiligh, dar leat?
3. Nuair a úsáideann tú do shamhlaíocht, an mbíonn do chuid smaointe trína a chéile nó píosa beag doiléir?
4. An mbeadh sé ina chuidiú agat pictiúir a tharraingt? Nó é a phlé le duine eile?
5. Déan iarracht bealach maith a aimsiú le do chuid smaointe a chur i ngníomh.

